



Léigh tuilleadh
anseo >

Ag lorg gairm bheatha thairbheach agus fiúntach?

Tar ag obair leis na
Coimisinéirí Ioncaim mar
Oifigeach Cléireachais in
Sealobair Custaim.

Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

An bhfuil fonn foghlama ort agus an bhfuil tú réidh le do chéad chéim a thógáil i ngairm bheatha fiúntach?

Seo do dheis cur leis an tsochaí ar bhealach bríoch trí thacú le gnó dlisteanach agus dul i ngleic le trádáil neamhdhleathach.

[Léigh tuilleadh anseo >](#)



Eolas faoin ról

Mar chuid de do dhualgais, déanfaidh tú:

- **seiceálacha doiciméadacha** agus rialuithe eile a dhéanamh mar chuid dár gcuid oibre próifíliú riosca,
- **cuardaigh fhisiciúla** agus scrúduithe a dhéanamh ar phacáistí, ar bhagáiste agus ar fheithiclí le haghaidh láithreachta earraí neamhdhleathacha.

Níl aon dhá lá mar an gcéanna agus gheobhaidh tú **préimh seala** chomh maith le pá bunúsach as tinreamh uainchláraithe.

Raon scála pá bunúsach: €30,690.92 - €47,784.36.

Préimh Seala 25% breise ar phatrún seala 24/7 – Suíomh: Baile Átha Cliath agus Ros Láir

Préimh Seala 16% breise ar phatrún seala 16/7 – Suíomh: Baile Átha Luain agus Cúil an tSúdaire



Poist ar fud na Tíre

Beidh tú lonnaithe
i gceann
d'aerfoirt,
calafoirt nó
ionaid
poist/pacáistí an
Stáit.

Beidh meascán de
dhualgais laistigh
agus lasmuigh i
gceist leis an ról
agus d'fhéadfadh
sé a bheith dian
go fisiciúil ó am go
ham.

[Léigh tuilleadh
anseo >](#)

Cén fáth na Coimisinéirí Ioncaim?

Ón gcéad lá beidh tú:

- mar chuid de thimpeallacht oibre thapa agus praiticiúil,
- **tabharfar tacaíocht duit** trí oiliúint struchtúrtha agus foghlaim ar an láthair oibre,
- tosóidh tú ag **bunú naisc** le comhghleacaithe.

Tugann gairm sna Coimisinéirí Ioncaim:

- fócas láidir ar **fholláine agus ar chothromaíocht oibre is saoil**, agus
- bealaí gairme soiléire le deiseanna fadtéarmacha.

Cén fáth tusa?

Beidh rath ort sa ról seo más duine thú:

- a oibríonn go maith mar chuid d'fhoireann,
- a leanann nósanna imeachta agus prótacail,
- a dhéanann cumarsáid le muinín, agus
- a fheidhmíonn go maith faoi bhrú.

[Léigh tuilleadh anseo >](#)



**Tosaigh do ghairm
bheatha le post atá i
bhfad níos mó ná
gnáthphost.**

Déan iarratas inniu!

[Léigh tuilleadh
anseo >](#)

Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs